I

(Rúin, moltaí agus tuairimí)

RÚIN

COISTE NA RÉIGIÚN

AN 153Ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CnaR, 2023. 02. 08. – 2023. 02. 09.

Rún ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir le freagairt na gcathracha agus na réigiún ar an ngéarchéim fuinnimh: i dtreo fíor-Aontas Fuinnimh Eorpach

(2023/C 157/01)

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

— ag féachaint don Phlean REPowerEU ón gCoimisiún Eorpach an 18 Bealtaine 2022 ([1]);

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1938 agus (CE) Uimh. 715/2009 i dtaca le stóráil gáis ([2]);

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás ([3]);

— ag féachaint don togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh ([4]);

— ag féachaint don togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena bhfeabhsaítear an dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin gháis, trí mhalartuithe gáis thar theorainneacha agus trí thagarmharcanna praghais iontaofa ([5]);

— ag féachaint do na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach an 15 Nollaig 2022 ([6]);

— ag féachaint don Rialachán (AE) 2022/2578 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena mbunaítear sásra ceartúcháin margaidh chun saoránaigh agus an geilleagar a chosaint ar phraghsanna as cuimse ard ([7]);

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2577 ón gComhairle an 22 Nollaig 2022 lena leagtar síos creat chun dlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite ([8]);

— ag féachaint don Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Deireadh Fómhair 2022 maidir le freagairt an Aontais ar an méadú ar phraghsanna fuinnimh san Eoraip ([9]).

([1]) COM(2022) 230 final.
([2]) IO L 173, 30.6.2022, lch. 17.
([3]) IO L 206, 8.8.2022, lch. 1.
([4]) COM (2022) 473 final.
([5]) COM (2022) 549 final.
([6]) https://www.consilium.europa.eu/media/60872/2022-12-15-euco-conclusions-en.pdf
([7]) IO L 335, 29.12.2022, lch. 36.
([8]) IO L 335, 29.12.2022, lch. 45.
([9]) https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2022-0347_EN.html

Ról chathracha agus réigiúin an Aontais Eorpaigh mar cheannródaithe sa ghéarchéim fuinnimh

1. ag leagan béim ar fhreagrachtaí dlíthiúla agus ról na 1,2 milliún ceannaire áitiúil agus réigiúnach a thagann as na 90 000 baile agus sráidbhaile, na 900 cathair agus na 280 réigiún san Aontas maidir le dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh trí fhóirithint eacnamaíoch agus shóisialta a chur ar fáil do theaghlaigh leochaileacha agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Ainneoin na praghsanna fuinnimh a bheith ag ardú go tapa agus ráta ard boilscithe a bheith ann, tá seirbhísí riachtanacha á gcur ar fáil fós ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus tá bearta déanta acu freisin chun coigilteas fuinnimh, leanúnachas gnó in earnáil an fhuinnimh agus pleananna teagmhasacha a áirithiú d'fhonn athléimneacht fuinnimh a neartú;

2. ag aithint na n-iarrachtaí a rinne an Coimisiún Eorpach agus Parlaimint na hEorpa, iarrachtaí nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, chun bearta práinneacha a chur i ngníomh; á thabhairt dá aire, áfach, nach bhfuil an tacaíocht atá ag teastáil ó na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha láithreach bonn á tabhairt dóibh leis na tionscnaimh atá ann faoi láthair;

3. ag iarraidh ar Uachtaránacht na Sualainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh cur leis na hiarrachtaí iontacha a rinne Uachtaránacht na Seice agus dlús a chur le glacadh na dtograí reachtacha sin sa phacáiste "Oiriúnach do 55" nár glacadh go fóill agus a áirithiú go mbeidh reachtaíocht an Aontais oiriúnach dá feidhm chun gur féidir dul i ngleic leis an ngéarchéim fuinnimh, agus na tuairimí ábhartha ó CnaR á gcur san áireamh leis sin ([10]);

4. ag leagan béim air go bhfuil spriocanna níos uaillmhianaí glactha ag roinnt mhaith cathracha agus réigiún ná mar atá glactha ag rialtais náisiúnta ina gcuid pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAnna); ag iarraidh ar na Ballstáit uile páirt ghníomhach a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le hathbhreithniú agus nuashonrú na PNFAnna in 2023 i gcomhréir le hAirteagal 11 den Rialachán maidir le Rialachas ([11]);

5. á iarraidh go ndéanfaí na tionscnaimh éagsúla fuinnimh agus aeráide AE ([12]) a chomhchuibhiú agus a shimpliú ar dhóigh níos fearr agus go gcuirfí an tacaíocht airgeadais agus theicniúil is gá ar fáil do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha;

Dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan sna cathracha agus sna réigiúin d'fhonn fíor-Aontas Fuinnimh Eorpach a bhunú

6. á chur in iúl gur cúis an-mhór bhuartha dó gur nár éirigh le COP 27 UNFCCC an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain a mhéadú agus dlús a chur leis agus gur theip air achainí a dhéanamh go gcuirfí deireadh le húsáid breoslaí iontaise de réir a chéile; á chur i bhfáth, in ainneoin gur den tábhacht dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh glan agus gan bheith spleách ar bhreoslaí iontaise, gur cuidiú fós iad na foinsí fuinnimh ísealcharbóin le fuinneamh cobhsaí inacmhainne a chur ar fáil mar chuid de mheascán fuinnimh gach Ballstáit;

7. á iarraidh go mbunófaí fíor-Aontas Fuinnimh Eorpach ina mbeadh margadh atá idirnasctha go maith agus atá go hiomlán comhtháite ar fud an Aontais, agus córas rialachais dea-fheidhmiúil ina chroílár de. Má táthar chun comhtháthú iomlán a ráthú, beidh ar na Ballstáit é a ghlacadh orthu féin soláthar fuinnimh leordhóthanach láidir a áirithiú ionas nach mbeadh Ballstáit eile thíos le ganntanas sa táirgeadh agus le praghsanna arda;

8. ag athdhearbhú a ríthábhachtaí atá bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus gur geal leis an iarracht atá ar bun chun bearta coigilte fuinnimh a chur chun cinn ar an uile leibhéal ar fud an Aontais; á thabhairt dá aire, bíodh is nach bhfuil beart ar bith tugtha isteach ag Ballstáit áirithe go fóill chun tomhaltas gáis agus leictreachais i dteaghlaigh, i ngnólachtaí nó i gcomhlachtaí poiblí a laghdú ([13]), go bhfuil a lán cathracha ar fud an Aontais páirteach anois san fheachtas "Cities Energy Saving Sprint", feachtas lena dtugtar isteach bearta coigilte fuinnimh maidir le téamh, soilsiú, soghluaisteacht, múscailt feasachta, agus eile;

9. den bharúil nár cheart na bearta sin a bheith teoranta don ghéarchéim reatha amháin; ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach togra a thabhairt isteach maidir le neamhthuilleamaíocht fuinnimh d'fhonn coigilteas fuinnimh a chuíchóiriú i ngach réimse beartais; á éileamh go gcuirfí chun cinn athruithe suntasacha iompraíochta agus go gcúiteofaí go leormhaith iad;

([10]) Féach na tuairimí ó CnaR arb é is ábhar dóibh na hathbhreithnithe ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh agus ar chreat an Aontais chun margaí gáis a dhícharbónú.

([11]) Luaitear in Airteagal 11 den Rialachán maidir le Rialachas go ndéanfaidh gach Ballstát idirphlé il-leibhéil maidir leis an aeráid agus an fuinneamh ina mbeidh na húdaráis áitiúla agus geallsealbhóirí ábhartha eile in ann a bheith rannpháirteach agus plé a dhéanamh ar ghnóthú chuspóir aeráidneodrachta an Aontais a leagtar amach in Airteagal 2 den Rialachán.

([12]) Mar shampla: Cúnant na Méaraí don Aeráid agus don Fhuinneamh, na misin Eorpacha "Cathracha Aeráidneodracha Cliste" agus "An tOiriúnú don Athrú Aeráide", an Comhshocrú Aeráide Eorpach, Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais, i measc nithe eile.

([13]) Saving-Energy-for-Europe-Ex.Summary.pdf (eeb.org).

10. ag iarraidh an athuair ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit tacú le hionaid ilfhreastail a bhunú ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil chun borradh a chur faoi infheistíochtaí i dtógáil atá tíosach ar fhuinneamh, in aisfheistiú foirgneamh agus i dtionscadail um choigilteas fuinnimh agus aird á tabhairt san am céanna ar phrionsabail Bauhaus Eorpaigh Nua; ag iarraidh ar na Ballstáit cistí REPowerEU a leithdháileadh chun na críche sin, agus iad a úsáid i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta;

11. á chur in iúl gur údar sásaimh dó an comhaontú maidir le nósanna imeachta céadaithe níos tapa le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite; ag iarraidh ar na Ballstáit dul i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus leis na pobail áitiúla chun cosaint an chomhshaoil a áirithiú agus chun glacadh sóisialta a chothú; á thabhairt dá aire gur den phráinn nósanna imeachta meara riaracháin a cheapadh agus deireadh a chur le constaicí maorlathacha ar shuiteáil foinsí in-athnuaite fuinnimh i dtithe faoin tuath; ag leagan béim ar an bhfíoras go bhfuil acmhainneacht mhór sna ceantair thuaithe ó thaobh táirgeadh fuinnimh in-athnuaite de, lena n-áirítear úsáid inbhuanaithe bithmhaise foraoise mar fhuinneamh in-athnuaite, agus go mba chun leas na gceantair sin é dá mbeadh nascacht mhéadaithe acu leis an eangach agus deiseanna nua fostaíochta ar fáil, go háirithe do dhaoine óga agus do mhná;

12. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an comhaontú maidir le cosc a chur ar innill dócháin inmheánaigh a úsáideann breoslaí iontaise i ngluaisteáin nua paisinéirí agus veaineanna nua ó 2035 ar aghaidh. á chur chun suntais go bhfuil gá le breoslaí malartacha, inacmhainne agus inrochtana agus, dá réir sin, le stáisiúin athbhreoslaithe agus athluchtaithe ar fud réigiúin uile an Aontais; á chur i bhfáth go bhfuil sé á iarraidh ag Comhaontas Réigiúin an Tionscail Gluaisteán in CnaR go mbeadh sásra um aistriú cóir ann chun tacú le struchtúr socheacnamaíoch na réigiún ina bhfuil tábhacht mhór leis an tionscal gluaisteán agus an tionscal soláthair gluaisteán;

13. ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit forbairt bonneagair tarchuir leictreachais idirnáisiúnta agus idir-réigiúnaigh a éascú sa chaoi is gur féidir an leictreachas a ghintear ó acmhainní in-athnuaite éagsúla a chomhroinnt, ar acmhainní iad atá le fáil den chuid is mó i réigiúin éagsúla ag brath ar na dálaí aeráide agus na saintréithe atá acu. Dá mhéid is féidir leictreachas atá ar fáil i gceantair iargúlta a tharchur ó cheantar amháin go ceantar eile, is ea is lú na tréimhsí neamh-infhaighteachta a bhíonn ann agus is ea is fusa córais leictreachais a bhainistiú, rud a réitíonn an bealach do ghiniúint leictreachais atá go hiomlán in-athnuaite;

14. á thabhairt chun cuimhne a phráinní atá sé soghluaisteacht uirbeach agus tuaithe a fhorbairt agus a dhícharbónú; á iarraidh go ndéanfaí bearta móra d'fhonn bonneagar sábháilte agus ath-leithdháileadh spáis phoiblí i limistéir uirbeacha a chur chun cinn; á chur chun suntais go bhfuil creat solúbtha de dhíth ar na réigiúin agus na cathracha, go háirithe a mhéid a bhaineann le hathbhreithniú na dtreoirlínte maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí;

15. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach, sa chomhthéacs sin, treoirthionscadal comhpháirteach soláthair phoiblí a sheoladh chun busanna hidrigine a chur ar fáil i roinnt cathracha san Aontas agus sna ceantair máguaird, agus an tionscadal sin a leathnú chuig cathracha agus réigiúin eile ar fud an Aontais ag an gcéad chéim eile;

16. ag leagan béim air gur minic an-chostas ag baint le réitigh fuinnimh ghlain i gcónaí agus gur minic a ghlacann nósanna imeachta infheistíochta le haghaidh tionscadail fuinnimh ghlain go leor ama agus a bhíonn roinnt mhaith maorlathais i gceist leo; á iarraidh go ndéanfaí tograí ní b'uaillmhianaí chun go mbeidh réitigh fuinnimh in-athnuaite ar an rogha is fusa agus is saoire dá bhfuil ar fáil ar an margadh agus, dá réir sin, ar an rogha is inrochtana do theaghlaigh ar ioncam íseal;

17. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit sciar de chistí REPowerEU a úsáid chun saoráidí tacaíochta a cheapadh bunaithe ar an tSaoráid um Chathracha na hEorpa (EUCF) ([14]), agus é mar aidhm aige sin cistí díreacha a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun pleananna infheistíochta atá oiriúnach don mhargadh a fhorbairt, go háirithe d'údaráis bheaga agus mheánmhéide agus dóibh siúd a bhfuil bacainní struchtúracha sa tslí ar a n-aistriú fuinnimh, agus chun tacú le tógáil agus athchóiriú tithíochta atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, agus go sonrach i gceantair thuaithe. á éileamh freisin go dtabharfaí deontais fhlaithiúla do na teaghlaigh leochaileacha sin nach féidir leo costais tosaigh a íoc;

18. á mholadh gan tuilleadh tograí a thabhairt isteach chun acmhainní a aistriú ó CSIE chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar mhaithe leis an bPlean REPowerEU a mhaoiniú; ag cur i gcoinne aon iarracht acmhainní a bhaint de na réigiúin óir thiocfadh sé sin salach ar phrionsabail an Aontais, go háirithe prionsabal na coimhdeachta gníomhaí agus na comhaontuithe atá i bhfeidhm maidir le bainistíocht chomhroinnte;

19. á iarraidh go mbeadh lámh ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i ndréachtú chaibidlí nua REPowerEU de phleananna na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta chun féachaint chuige go maoineofar leis na caibidlí sin tionscadail straitéiseacha arna bhforbairt ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus in éineacht leo, mar aon le bonneagar trasteorann nua;

20. ag aithint go raibh tionchar díreach dearfach ag na bearta dlúthpháirtíochta fuinnimh ar phraghsanna fuinnimh cheana; á chur in iúl go bhfuil sé i bhfabhar Ardán an Aontais Eorpaigh um Cheannach Fuinnimh a neartú;

([14]) EUCF – Home (eucityfacility.eu).

21. ag tnúth leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais; ag súil leis go mbeidh bearta inti chun an nasc idir praghsanna gáis agus leictreachais a laghdú go leibhéal atá i gcomhréir leis an méid gáis a úsáidtear chun leictreachas a ghiniúint;

22. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach aitheantas a thabhairt don cheart atá ag pobail fuinnimh, ag táirgeoirí is tomhaltóirí agus ag údaráis áitiúla baint a bheith acu le soláthar áitiúil leictreachais in-athnuaite ach gan iad a bheith ina soláthraí miondíola lánrialáilte, agus a áirithiú go mbeidh cearta rochtana comhionanna ag na gníomhaithe neamhghairmiúla margaidh sin ar an eangach;

23. á chur i bhfáth nach foláir gur gníomhaíochtaí sealadach a bheadh in aon ghníomhaíochtaí gearrthéarmacha a dhéanfaí, amhail cur le hallmhairí gáis nádúrtha leachtaithe (GNL) agus nár cheart staideanna gaibhnithe breise a chruthú dá mbarr. á chur i bhfios go láidir gur cheart infheistíochtaí bonneagair a bheith "réidh chun gás glas a áireamh iontu", i dtreo gur féidir ullmhú don aeráidneodracht le hidrigin in-athnuaite agus breoslaí in-athnuaite eile;

24. á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na comhreachtóirí infheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht a mhéadú, lena n-áirítear i réitigh aeráidneodracha, san athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ar na bacáin, amhail na misin Eorpacha "Cathracha Aeráidneodracha Cliste" agus "An tOiriúnú don Athrú Aeráide", agus na Comhpháirtíochtaí le haghaidh Nuálaíocht Réigiúnach, agus línte nua cistiúcháin a fhorbairt chun cuibhreannais phríobháideacha phoiblí d'fhoirgnimh agus réitigh aeráidneodracha ar leibhéal an cheantair a éascú, agus an méid sin a bheith i gcomhréir le prionsabail Bauhaus Eorpach Nua;

25. ag cur béim air gur deis atá sa ghéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair chun cur go mór leis an leictriú agus le táirgeadh na hidrigine in-athnuaite, maille le tacaíocht bhreise a thabhairt d'fhorbairt teicneolaíochtaí nuálacha amhail gabháil, úsáid agus stóráil carbóin (CCUS) mar réitigh ghlana chun an geilleagar a dhícharbónú; ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach tacú le hinfheistíochtaí na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i mbonneagair hidrigine in-athnuaite trí bhíthin an bhainc hidrigine atá le teacht trí leas a bhaint as na dea-chleachtais atá in úsáid cheana ar an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil agus trína chur chun cinn go macasamhlófaí iad ar fud an Aontais;

26. á chur i bhfios go bhfuil infheistíochtaí i bhforbairt scileanna agus in uas-sciliú fhoireann na n-údarás áitiúil agus réigiúnach riachtanach má táthar chun dlús a chur leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach; ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit tionscnamh faoi leith a sheoladh a mbeidh an raon feidhme sin aige faoi chuimsiú Bhliain Eorpach na Scileanna 2023;

Dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta gan réigiún, cathair ná saoránach ar bith a fhágáil ar lár

27. á chur in iúl gur saoth leis tionchar sóisialta na ngéarchéimeanna fuinnimh agus bia ar shaoránaigh agus ar FBManna; ag iarraidh ar na Ballstáit go léir cuspóir soiléir a leagan síos maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh a laghdú ina gcuid PNFA; ag iarraidh ar na Ballstáit bearta comhtháite a fhorbairt ar fud na mbeartas fuinnimh agus sóisialta chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus deireadh a chur léi, ag tógáil freisin ar an taithí a fuarthas leis an bhFaireachlann Eorpach um an mbochtaineacht fuinnimh agus an Mol Comhairleach maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht;

28. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na comhreachtóirí a áirithiú go mbeidh pacáiste láidir sóisialta agus bearta athdháilte cothroma ag gabháil le hionstraimí beartais nua agus ionstraimí atá ann cheana chun an bealach a réiteach d'aistriú cóir fuinnimh, go háirithe do theaghlaigh leochaileacha agus do dhaoine óga. Sa bhreis ar chur chun feidhme beartas aistrithe fuinnimh, amhail athchóirithe atá tíosach ar fhuinneamh nó cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite, cuirfear tacaíocht shóisialta, theicniúil agus airgeadais ar fáil a bheidh spriocdhírithe go leormhaith chun cuimsitheacht na mbeart sin a éascú;

29. á chur chun suntais go bhfuil tionchar níos mó ar bhonn comhréireach ag an ngéarchéim fuinnimh ar mhná; á iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach féachaint chuige nach ndéantar aon idirdhealú ó thaobh inscne de leis na sásraí tacaíochta atá aige lena áirithiú nach mbeidh tuilleadh neamhionannas inscne ann mar thoradh orthu;

30. á chur in iúl gur geal leis, i dtaca leis sin de, gur bunaíodh rannchuidithe dlúthpháirtíochta sealadacha chun barrachas ioncaim san earnáil fuinnimh a athdháileadh ar chustaiméirí deiridh; ag iarraidh ar na Ballstáit cistí spriocdhírithe a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus an bhochtaineacht soghluaisteachta ar an leibhéal áitiúil;

31. á chur chun suntais gur mó an tionchar a bhíonn ag an ngéarchéim fuinnimh ar theaghlaigh ar ioncam íseal i gceantair thuaithe a mbíonn orthu carranna a úsáid chun teacht ar sheirbhísí bunriachtanacha; ag leagan béim air go bhfuiltear ag súil leis go dtiocfaidh laghdú ar neamhionannais spásúla agus an bhochtaineacht soghluaisteachta de thoradh forbairtí san iompar poiblí;

32. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach réitigh phráinneacha a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcás nach leor an tacaíocht ó rialtais náisiúnta; á áitiú nach gcuirfí infheistíochtaí spriocdhírithe a bhaineann leis an ngéarchéim fuinnimh san áireamh i ríomhanna easnaimh faoi rialacha fioscacha;

33. ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach na naisc idir an margadh fuinnimh agus an margadh talmhaíochta a lagú d'fhonn déine fuinnimh sa táirgeadh talmhaíochta a mhaolú; ag tathant ar an gCoimisiún chomh maith athchóiriú cuimsitheach struchtúrach a dhéanamh ar an gcóras bia sa dóigh is go gcuirfear deireadh le hamhantraíocht ar mhargaí idirnáisiúnta, go méadófar an rialáil agus go dtabharfar tuilleadh cosanta d'ioncam feirmeoirí;

34. á iarraidh go gcuirfeadh an Coimisiún Eorpach múiríniú chun cinn mar an úsáid is fearr bithmhaise chun leasachán orgánach a tháirgeadh agus, ar an gcaoi sin, spleáchas ar leasacháin shintéiseacha ó ghás nádúrtha agus ón ola a laghdú, ar choinníoll nach mbeidh tionchar diúltach ag an teicneolaíocht arna roghnú chuige sin ar cháilíocht an aeir; ag tathant ar an gCoimisiún freisin samhlacha táirgthe atá níos tíosaí ar fhuinneamh a chur chun cinn, cuir i gcás talmhaíocht chaomhantais inbhuanaithe, agus béim a leagan san am céanna ar an dá ról atá ag táirgeoirí bithmhaise ina gcáil mar úsáideoirí ionchasacha bithmhaise ar féidir leo freastal ar a riachtanais fuinnimh féin;

35. á chur chun suntais go bhféadfadh éileamh méadaithe ar bhithbhreoslaí cur leis an ngéarchéim bia; ag moladh don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit tús áite a thabhairt d'úsáid táirgí talmhaíochta chun críoch bia;

36. den tuairim gur cheart ionstraimí agus cleachtais airgeadais an Aontais atá ann cheana a fhorbairt tuilleadh agus a oiriúnú do chásanna éagsúla le go bhféadfar sineirgí a aimsiú idir na cláir éagsúla ([15]); ag tarraingt aird, i ndáil leis sin, ar na dúshláin faoi leith atá le sárú ag na réigiúin tuaithe agus na réigiúin a bhfuil míbhuntáistí geografacha acu;

37. á chur in iúl gur údar sásaimh dó an togra ón gCoimisiún a rinneadh faoi chuimsiú phlean tionsclaíochta an Chomhaontaithe Ghlais chun creat sealadach i gcás géarchéime agus aistrithe a dhéanamh den chreat sealadach géarchéime um státchabhair. Ar an dóigh sin, chuirfí borradh faoi infheistíochtaí chun fuinneamh in-athnuaite a chur i bhfeidhm ar bhonn níos tapa. Is éard a bheadh i gceist leis sin infheistíochtaí a dhreasú arbh é an toradh orthu laghdú suntasach ar astaíochtaí trí fhoráil a dhéanamh maidir le huasteorainneacha cabhrach níos airde agus ríomhanna simplithe cabhrach, maille le tacaíocht do dhícharbónú an tionscail agus do tháirgeadh an trealaimh is gá chun an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050; i bhfách, den chuid is mó, leis an gcur chuige chun solúbthacht níos mó a thabhairt do na Ballstáit agus d'údaráis fhonáisiúnta chun tacú le bearta i bpríomhearnálacha an aistrithe chuig geilleagar dícharbónaithe, amhail hidrigin in-athnuaite, feidhmíocht fuinnimh foirgneamh, gabháil agus stóráil carbóin agus feithiclí astaíochtaí nialasacha;

38. ag leagan béim air, áfach, nach foláir saobhadh a eascraíonn as rialacha scaoilte maidir leis an státchabhair a sheachaint a mhéid is féidir agus nach mór don Choimisiún a dhícheall a dhéanamh chun freastal ar éilimh éagsúla na mBallstát. Mura ndéantar sin, d'fhéadfadh tuilleadh ilroinnte teacht chun cinn sa mhargadh aonair i ngeall ar chumas éagsúil airgeadais na mBallstát chun tacú le gnólachtaí, rud a chuirfeadh difríochtaí críochacha in olcas;

39. á thabhairt le fios go bhfuil sé faoi réir chun leanúint de thacaíocht a thabhairt do scaipeadh agus macasamhlú dea-chleachtas agus do chur chun feidhme na mbeart fuinnimh tríd an tionscnamh de chuid CnaR "An Comhaontú Glas ar an Leibhéal Áitiúil" agus, go háirithe, tríd an Lámhleabhar um an gComhaontú Glas ar an Leibhéal Áitiúil a fhorbairt ar bhonn leanúnach;

40. tiomanta an comhar i ndáil le slándáil fuinnimh agus inacmhainneacht lena chomharsana ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal réigiúnach a threisiú;

41. ag athdhearbhú a achainí ar an gCoimisiún CnaR a thabhairt isteach sa Ghrúpa Comhordúcháin um an mBochtaineacht Fuinnimh agus Tomhaltóirí Leochaileacha mar chomhpháirtí institiúideach; á chur in iúl go bhfuil sé ullamh chun rannchuidiú leis an gcomhar idirinstitiúideach sin trína mheitheal um an gComhaontú Glas ar an Leibhéal Áitiúil;

42. ag treorú dá Uachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Uachtaránacht na Sualainne agus Uachtaránacht na Spáinne ar Chomhairle an Aontais agus chuig Uachtarán na Comhairle Eorpaí.

An Bhruiséil, an 9 Feabhra 2023.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún

Vasco ALVES CORDEIRO

([15]) Féach an tuairim ó CnaR *Aistriú cóir agus inbhuanaithe i gcomhthéacs na réigiún atá dian ar ghual agus ar fhuinneamh* (IO C 498, 30.12.2022, lch. 36).